Rannóg Pholasaí,
Churaclaim agus Mheasúnachta,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Bloc 2,
Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

Curriculum and Assessment
Policy Unit,
Department of Education and Skills,
Block 2,
Marlborough Street,
Dublin 1

## Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Iar-Bhunscoileanna agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

**Dáta: 8 Nollaig 2017** **Ciorclán: 0080/2017**

## Corpoideachas sa tSraith Shinsearach

A Phríomhoide, a chara,

Beidh tú ar an eolas faoi fhógra an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D. maidir le feidhmiú céimnithe dhá churaclam nua don tsraith shinsearach. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag pleanáil don fheidhmiú céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018 ar:

1. Corpoideachas na hArdteistiméireachta (ábhar roghnach do scrúdú na hArdteistiméireachta)
2. Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas (ní bheidh scrúdú i gceist).

I gCéim 1 den phróiseas feidhme beidh cohórt beag scoileanna a bhfuil sé mar acmhainn acu tús a chur i mí Mheán Fómhair 2018 leis an gCorpoideachas mar ábhar Ardteistiméireachta agus/nó le Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas.

Tugtar cuireadh do do scoil iarratas a chur isteach le bheith páirteach sa chéad tréimhse. Tá trí rogha ar fáil do do scoil agus tá cur síos orthu anseo a leanas:

- Rogha A: Corpoideachas na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach, mar ábhar roghnach, ar an gclártráth ó Mheán Fómhair 2018 le scrúdú san Ardteistiméireacht i 2020.
- Rogha B: Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas a thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2018

- Rogha C: Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas (CSS/SCPE) agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta (CAT/LCPE) a thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2018

Féach Aguisín 1 den litir seo d'eolas breise ar na roghanna atá luaite thuas, ar a n-áirítear na critéir atá le húsáid chun scoileanna a roghnú le bheith páirteach i ngach rogha.

Má tá spéis ag do scoil iarratas a chur isteach le bheith ar cheann de scoileanna Chéim 1, comhlánaigh an ceistneoir ag an nasc https://www.surveymonkey.com/r/8RSNB8W seo le do thoil. Tá sé i gceist go ndéanfadh an príomhoide agus an múinteoir / na múinteoirí ábhartha an ceistneoir a chomhlánú i gcomhpháirt le chéile. Is é an spriocdháta ar an gceistneoir ar líne a chur isteach ná an 16 Eanáir.

Cuirfear na socruithe in iúl do scoileanna in am trátha faoi Chéim a Dó de chur i bhfeidhm an Choirpoideachais don Ardteistiméireacht agus faoin gCreat don Chorpoideachas sa tSraith Shinsearach.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.ncca.ie

Le meas,

Eamonn Moran
Príomhoifigeach
An Rannóg Beartas Churaclam agus Measúnacht

## Aguisín 1

**Rogha 1:**

**Corpoideachas na hArdteistiméireachta (don scrúdú)**

Déanfar scoileanna a roghnú le bheith páirteach i gCéim 1 deChorpoideachas na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- A bheith sásta an Corpoideachas mar ábhar roghnach Ardteistiméireachta a chur ar an gclártráth ó Mheán Fómhair 2018.
- Gur féidir leis an scoil múinteoir (nó múinteoirí) a aithint, le cáilíocht ábhartha aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta, a bhfuil spéis acu an Corpoideachas a theagasc mar ábhar scrúduithe don Ardteistiméireacht
- Múinteoirí a bheith sásta páirt a ghlacadh sa bhforbairt ghairmiúil laistigh d'am scoile.
- An scoil a bheith sásta múinteoirí a scaoileadh chun freastal ar fhorbairt ghairmiúil laistigh d'am scoile
- Múinteoirí a bhíonn páirteach a bheith sásta páirt a ghlacadh sa bhforbairt ghairmiúil ina gcuid ama féin.
- Líon inmharthana mac léinn a bheith sásta Corpoideachas a staidéar mar ábhar Ardteistiméireachta.
- Fáil a bheith ar áiseanna oiriúnacha ar a n-áirítear spásanna laistigh agus lasmuigh chun an Corpoideahcas a fhoghlaim
- Tacaíocht a bheith ar fáil ón mBord Bainistíochta agus ón gceannasaíocht shinsearach laistigh den scoil, i gcomhairle le pobal na scoile, don tionscnamh seo.

**Rogha 2:**

**Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas (nach mbeidh mar scrúdú)**

Tá Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas curtha le chéile chun tacú le múinteoirí pleanáil d'fhoghlaim cháilíochta sa Chorpoideachas don uile mhac léinn sa tsraith shinsearach. Tá an Creat struchtúrtha thart timpeall ar sé mhúnla curaclaim agus tá sé i gceist go ndéanfaí é a theagasc thar dhá nó trí bliana den tsraith shinsearach. Moltar go ndéanfar tréimhse dhúbailte, nó a comhionann[1]

[1] Ábhartha do scoileanna a eagraíonn an clár ama ar ranganna aon uair an chloig

a chur ar fáil in aghaidh na seachtaine mar íosriachtanas chun Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí a theagasc.

Déanfar scoileanna a roghnú le bheith páirteach i gCéim 1 de Chreat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas a fheidhmiú bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- A bheith sásta tréimhse dhúbailte nó a comhionann [2] a sholáthar ar an gclártráth do Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí ó Mheán Fómhair 2018.
- Gur féidir leis an scoil múinteoir (nó múinteoirí) a aithint atá sásta Creat na Sraithe Sóisearaí don Chorpoideachas a theagasc agus a bhfuil cáilíocht ábhartha acu atá aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Múinteoir(í) a bheith sásta páirt a ghlacadh sa bhforbairt ghairmiúil laistigh d'am scoile.
- An scoil a bheith sásta múinteoirí a scaoileadh chun freastal ar fhorbairt ghairmiúil laistigh d'am scoile
- Múinteoirí a bhíonn  páirteach a bheith sásta páirt a ghlacadh sa bhforbairt ghairmiúil ina gcuid ama féin.
- Fáil a bheith ar áiseanna oiriúnacha ar a n-áirítear spásanna laistigh agus lasmuigh chun an Corpoideachas a fhoghlaim.
- Tacaíocht a bheith ar fáil ón mBord Bainistíochta agus ón gceannasaíocht shinsearach laistigh den scoil, i gcomhairle le pobal na scoile, don tionscnamh seo.

**Rogha 3:**

**Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas (CSSC) agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta (CAT)**

I gCéim 1, roghnófar líon beag scoileanna chun Corpoideachas na hArdteitiméireachta agus Corpoideachas na Sraithe Sinearaí a thabhairt isteach ag an am céanna.

Roghnófar scoileanna le bheith páirteach sa rogha seo bunaithe ar na critéir go léir atá luaite thuas mar aon leis na critéir breise seo:

- Ar a laghad múinteoir corpoideachais amháin sásta CSS a theagasc agus múinteoir eile sásta CAT a theagasc.

[2] Ábhartha do scoileanna a eagraíonn an clár ama ar ranganna aon uair an chloig

Nuair a bhítear ag breathnú ar cén ceann de na roghanna seo is fearr don scoil agatsa, beidh sé tábhachtach dul i gcomhairle leis an múinteoir / na múinteoirí corpoideachais. Chun cuidiú le roghnú na múinteoirí, tá fáil ar shonraíocht CAT agus ar Chreat CSS ar láithreán gréasáin CNCM (URL). D'fhéadfadh na treoirlínte seo a leanas a bheith cabhrach:

Ar mhaithe leis an tionscnamh seo, is gá do mhúinteoirí a bhíonn páirteach

- cáilíocht ábhartha a bheith acu a bhíonn aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta
- fíorspéis a bheith léirithe acu an Corpoideachas a theagasc sa rogha roghnaithe
- a bheith sásta tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil a thosóidh sa téarma scoile seo chugainn. Tá sé i gceist leis an bhforbairt ghairmiúil go ndéanfar múinteoirí a ullmhú do theacht isteach sonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta agus Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas. Clúdóidh sé deiseanna scileanna oideolaíocha agus teicneolaíochta digiteacha a fhorbairt/athnuachan agus eolas a fháil a bhaineann leis na cúrsaí nua. Tá gach seans go dtarlóidh roinnt den fhoghlaim ghairmiúil lasmuigh d'am scoile.